C/2023/1599

22.12.2023

Reachtanna an Eagair Ísealmhinicíochta Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (LOFAR ERIC)

(C/2023/1599)

Clár

Leathanach

BROLLACH 3

CAIBIDIL 1 – GNÉITHE FÍOR-RIACHTANACHA 3

Airteagal 1 **Foirm dhlíthiúil agus ainm** 3

Airteagal 2 **Oifig chláraithe** 3

Airteagal 3 **Cúraimí agus gníomhaíochtaí** 3

Airteagal 4 **Fad tréimhse agus an nós imeachta maidir leis an bhfoirceannadh** 4

Airteagal 5 **Dliteanas agus árachas** 5

Airteagal 6 **Beartas rochtana ar sheirbhísí LOFAR ERIC** 5

Airteagal 7 **Beartas um Meastóireacht Eolaíoch** 5

Airteagal 8 **Beartas um scaipeadh** 5

Airteagal 9 **Beartas um Chearta Maoine Intleachtúla** 6

Airteagal 10 **Beartas fostaíochta** 6

Airteagal 11 **Beartas um sholáthar** 6

CAIBIDIL 2 – FORÁLACHA GINEARÁLTA 6

Airteagal 12 **Sainmhínithe** 6

Airteagal 13 **Teanga oibre** 7

CAIBIDIL 3 – COMHALTAS AGUS BREATHNADÓIREACHT 7

Airteagal 14 **Comhaltas, breathnadóireacht agus eintiteas ionadaíoch** 7

Airteagal 15 **Coinníollacha a bhaineann le bheith ina Chomhalta nó ina Bhreathnóir** 8

Airteagal 16 **Tarraingt siar Comhalta nó Breathnóra** 8

CAIBIDIL 4 – CEARTA AGUS OIBLEAGÁIDÍ COMHALTAÍ AGUS BREATHNÓIRÍ 9

Airteagal 17 **Cearta agus oibleagáidí na gComhaltaí** 9

Airteagal 18 **Cearta agus oibleagáidí na mBreathnóirí** 9

CAIBIDIL 5 – RANNPHÁIRTÍOCHT EAGRAÍOCHTAÍ DLÚTHCHOMHAIR 10

Airteagal 19 **Rannpháirtíocht Eagraíochtaí Dlúthchomhair** 10

CAIBIDIL 6 – SAMHAIL AIRGEADAIS AGUS RANNÍOCAÍOCHTAÍ 10

Airteagal 20 **Acmhainní airgeadais** 10

Airteagal 21 **Ranníocaíochtaí** 10

Airteagal 22 **Plean airgeadais** 11

Airteagal 23 **Prionsabail bhuiséadacha, cuntais agus iniúchadh** 11

Airteagal 24 **Díolúintí ó cháin agus ó dhleacht mháil** 11

Airteagal 25 **Díchoimisiúnú** 12

CAIBIDIL 7 – RIALACHAS 12

Airteagal 26 **Comhairle** 12

Airteagal 27 **Cinnteoireacht ag an gCruinniú** 13

Airteagal 28 **An Stiúrthóir Feidhmiúcháin** 14
Airteagal 29 **Oifig Comhordaithe agus Tacaíochta** 14
Airteagal 30 **Coiste Comhairleach Eolaíoch** 14
Airteagal 31 **Coiste Airgeadais** 15
CAIBIDIL 8 – ILGHNÉITHEACH 15
Airteagal 32 **Beartas sonraí** 15
Airteagal 33 **Beartas maidir le hImpleachtaí Eiticiúla, Dlíthiúla agus Sóisialta** 15
Airteagal 34 **Tuairisciú don Choimisiún Eorpach** 15
Airteagal 35 **An dlí is infheidhme** 16
Airteagal 36 **Díospóidí** 16
Airteagal 37 **Nuashonruithe agus infhaighteacht reachtanna** 16
Airteagal 38 **Forálacha maidir le bunú** 16
IARSCRÍBHINN I: Liosta de Chomhaltaí agus Breathnóirí LOFAR ERIC agus dá nEintitis Ionadaíocha 17
IARSCRÍBHINN II: Plean Airgeadais LOFAR ERIC 18

BROLLACH

Is bonneagar taighde dáilte den chéad scoth é LOFAR (an tEagar Ísealmhinicíochta), lena ngabhann saoráidí a n-oibríonn go dlúth lena chéile atá suite i roinnt tíortha, mar a shonraítear san Iarscríbhinn Eolaíoch agus Teicniúil.

In 2022, tá an bonneagar LOFAR lánoibríochtúil anois don taighde radairéalteolaíochta a dhéanann an pobal eolaíoch idirnáisiúnta, trí Stichting ILT (Teileascóp Idirnáisiúnta LOFAR, dá ngairtear 'ILT' anseo feasta), fondúireacht faoi dhlí na hÍsiltíre, le hionadaíocht ó na comhpháirtithe uile, i naoi dtír Eorpacha a bhfuil roinnt saoráidí LOFAR faoina n-úinéireacht go háitiúil. Is é straitéis fhadtéarmach ILT leanúint de bhonneagar taighde atá ar thús cadhnaíochta a chur ar fáil do phobal leathan na heolaíochta; in 2022 tá ILT ag ullmhú uasghrádú uaillmhianach maidir leis na crua-earraí agus bogearraí (LOFAR2.0, dá dtugtar tuairisc air san Iarscríbhinn Eolaíoch agus Teicniúil).

D'iarr ILT go mbunófar LOFAR ERIC i bhfianaise an líon comhpháirtithe atá ag méadú de réir a chéile, i bhfianaise na comhfíse fadtéarmaí chun leanúint de bhonneagar a fhorbairt agus a fheidhmiú go dlúth, agus i bhfianaise na forbartha níos leithne maidir le bonneagair thaighde na hEorpa. Aithnítear an méid seo a leanas go háirithe, chun LOFAR ERIC a chur in ionad ILT:

— Le LOFAR ERIC déantar straitéis fhadtéarmach choiteann, tiomsú airgid comhpháirteach, agus beartú tosaíochta comhsheasmhach ar iarracht forbartha a shainiú agus a chur chun feidhme, chomh maith le barr feabhais a chur ar infhaighteacht an chomhpháirtí chomhchoitinn agus saoráidí de chuid LOFAR ERIC (lena n-áirítear acmhainní braiteora, ríomha, agus stóráil sonraí) lena mbunaítear bonneagar taighde LOFAR.

— Is é LOFAR ERIC an bealach iomchuí chun comhpháirtithe a mhealladh agus a chomhdhlúthú le raon leibhéal rannpháirtíochta, agus chun beartais fhadtéarmacha shoiléire agus cobhsaíocht chistiúcháin a bhunú agus a choinneáil ar bun le haghaidh na heagraíochta agus a bonneagair ina iomláine.

— Le LOFAR ERIC, a thugtar le chéile ar an leibhéal (il)náisiúnta, tugtar léargas iomchuí agus aitheantas ar na leibhéil náisiúnta agus Eorpacha, lena n-éascaítear idirphlé le lucht ceaptha beartas na heolaíochta agus maoinitheoirí ar fud a réimse oibre.

— Lena saoráidí uathúla agus ceannródaíocha, tá ról comhsheasmhach ag LOFAR ERIC maidir le beocht phobal eolaíochta na hEorpa a dheimhniú agus a spreagadh.

CAIBIDIL 1

GNÉITHE FÍOR-RIACHTANACHA

Airteagal 1

Foirm dhlíthiúil agus ainm

Déanfar Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach a bhunú. Beidh foirm dhlíthiúil ag an gCuibhreannas sin de Chuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (ERIC) a ionchorpraíodh faoi fhoráil Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 1261/2013 (dá ngairtear 'an Rialachán ERIC' anseo feasta) agus a ainmneofar 'LOFAR ERIC'.

Airteagal 2

Oifig chláraithe

Beidh oifig chláraithe LOFAR ERIC lonnaithe in Dwingeloo na hÍsiltíre; dá ngairtear 'Tír Óstach' anseo feasta.

Airteagal 3

Cúraimí agus gníomhaíochtaí

1. Is é an príomhchúram a bheidh ar LOFAR ERIC úsáid chomhordaithe bhonneagar LOFAR a dheimhniú, taighde eolaíoch den chéad scoth a tháirgeadh agus forbairt bhreise a shaothrú, agus é d'aidhm aige táirgiúlacht agus tionchar a uasmhéadú do na comhaltaí agus don phobal eolaíoch idirnáisiúnta, LOFAR ERIC a chur chun cinn mar bhonneagar taighde dáilte den chéad scoth ag a bhfuil peirspictíocht fhadtéarmach, atá suite i mballtíortha LOFAR ERIC, chomh maith le tíortha eile, i gcás ina gcinneann LOFAR ERIC cuid dá shaoráidí a chur iontu.

2. Agus a phríomhchúram á shaothrú aige, déanfaidh LOFAR ERIC na gníomhaíochtaí seo a leanas:

a. oibríocht chomhordaithe agus úsáid eolaíoch ar shaoráidí LOFAR a áirithiú mar bhonneagar comhtháite, faoi straitéis fhadtéarmach choiteann agus beartais choiteanna, maidir le huas-aschur eolaíoch agus uastionchar eolaíoch do na comhaltaí agus don phobal idirnáisiúnta;

b. rochtain éifeachtach ar sheirbhísí eolaíocha LOFAR ERIC a sholáthar don phobal úsáideoirí, lena n-ionchorpraítear prionsabail maidir le hathbhreithniú piaraí agus prionsabail eolaíochta oscailte;

c. oibríocht ghinearálta LOFAR ERIC, lena gcumhdaítear na gnéithe dlíthiúla, rialachais agus airgeadais;

d. a bheith rannpháirteach i dtionscadail de chuid an Aontais, tionscadail (il)náisiúnta agus tionscadail eile arna maoiniú ag tríú páirtí atá i gcomhréir leis na spriocanna atá ag LOFAR ERIC.

3. Féadfaidh LOFAR ERIC na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:

a. forbairt bhreise a shaothrú ar bhonneagar LOFAR, agus ar shaoráidí agus cumais eolaíocha ghaolmhara;

b. idirphlé straitéiseach a dhéanamh chun barr feabhais a chur ar ról LOFAR ERIC i bpobal domhanda na heolaíochta;

c. Comhaltais agus comhpháirtíochtaí nua a fhorbairt mar a leagtar síos in Airteagail 14 agus 19;

d. leasanna LOFAR ERIC a chur chun cinn i ndáil le páirtithe leasmhara náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta;

e. tuilleadh foinsí cistiúcháin a lorg, go háirithe uasghráduithe agus méaduithe, ach gan a bheith teoranta dóibh;

f. oiliúint, for-rochtain agus comhar idirnáisiúnta a chothú;

g. aon ghníomhaíocht ghaolmhar eile is gá chun a phríomhchúram a bhaint amach.

4. Saothróidh LOFAR ERIC a phríomhchúram ar bhonn neamheacnamaíoch. Gan dochar do na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair, féadfaidh LOFAR ERIC gníomhaíochtaí eacnamaíocha teoranta a dhéanamh, ar choinníoll go bhfuil dlúthbhaint acu lena phríomhchúram agus nach gcuireann siad baint amach na ngníomhaíochtaí sin i mbaol.

5. Déanfaidh LOFAR ERIC costais agus ioncaim na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha sin a thaifeadadh ar leithligh, agus gearrfaidh sé praghsanna margaidh orthu, nó mura féidir iad a fháil amach, costais iomlána móide corrlach réasúnach.

Airteagal 4

Fad tréimhse agus an nós imeachta maidir leis an bhfoirceannadh

1. Beidh LOFAR ERIC ann ar feadh tréimhse éiginnte, ach d'fhéadfaí é a fhoirceannadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos i míreanna (2) go (6).

2. Is í an Chomhairle a chinnfidh foirceannadh LOFAR ERIC i gcomhréir le hAirteagal 27(6)(d).

3. Gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de 10 lá tar éis ghlacadh an chinnidh chun LOFAR ERIC a fhoirceannadh, tabharfaidh LOFAR ERIC fógra don Choimisiún Eorpach faoin gcinneadh.

4. Déanfar sócmhainní a bheidh fágtha tar éis fiacha LOFAR ERIC a íoc a chionroinnt i measc na gComhaltaí i gcomhréir lena ranníocaíocht bhliantúil do LOFAR ERIC mar a shonraítear in Airteagal 21.

5. Gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de dheich 10 lá ónar dúnadh an nós imeachta foirceanta, tabharfaidh LOFAR ERIC fógra don Choimisiún Eorpach ina leith sin.

6. Scoirfidh LOFAR ERIC de bheith ann an lá a fhoilseoidh an Coimisiún Eorpach an fógra iomchuí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 5

Dliteanas agus árachas

1. Beidh LOFAR ERIC faoi dhliteanas i leith a chuid fiach. Ní bheidh LOFAR ERIC faoi dhliteanas i leith dliteanas a eascróidh as oibriú na saoráidí LOFAR atá faoi úinéireacht ar leithligh.

2. Ní bheidh na Comhaltaí faoi dhliteanas comhpháirteach i leith fhiacha LOFAR ERIC. Beidh dliteanas airgeadais na gcomhaltaí i leith fhiacha LOFAR ERIC teoranta do luach ranníocaíochtaí bliantúla na gcomhaltaí faoi seach a comhaontaíodh sa bhuiséad bliantúil.

3. Gheobhaidh LOFAR ERIC árachas iomchuí chun na rioscaí atá sonrach do cheapadh agus d'oibriú LOFAR ERIC a chumhdach.

Airteagal 6

Beartas rochtana ar sheirbhísí LOFAR ERIC

1. Soláthróidh agus tacóidh LOFAR ERIC le deiseanna rochtana éifeachtacha d'úsáideoirí ar sheirbhísí LOFAR ERIC le haghaidh saothrú taighde eolaíoch. Áireofar ar na seirbhísí sin, na nithe seo a leanas, i measc nithe eile: barúlacha a dhéanamh, táirgí sonraí eolaíocha a ghiniúint, cartlann um shonraí eolaíochta a reáchtáil atá inrochtana don phobal, tacaíocht agus oiliúint úsáideora.

2. Fógrófar seirbhísí LOFAR ERIC go poiblí agus clárófar iad, in éineacht leis na deiseanna rochtana, na nósanna imeachta agus na critéir leithdháilte do na seirbhísí éagsúla sin.

3. Déanfaidh an Chomhairle an Beartas Rochtana lena rialaítear seirbhísí LOFAR ERIC uile chun taighde eolaíoch a shocrú agus a choinneáil ar bun, agus déanfar na prionsabail a chinneadh de réir Airteagal 27(6)(b) agus a chur chun feidhme de réir Airteagal 27(5)(e).

4. Le Beartas Rochtana LOFAR ERIC, cosnófar go gcuirfear an chuid is mó den bhuiséad oibríochta iomlán a chaithfear ar sholáthar seirbhísí i dtreo lena dtacaítear le taighde ón bpobal domhanda. I gcás ina gcuirfear rochtain oscailte ar fáil ar bhonn iomaíoch, déanfar é a bhronnadh trí mheasúnú piaraí neamhspleách eolaíoch.

5. Le beartas Rochtana LOFAR ERIC, cosnófar incháilitheacht chomhaltaí uile LOFAR ERIC chun tairbhe a bhaint as Rochtain Fhorchoimeádta; rialófar leis sin teidlíocht do chuid de na deiseanna atá le fáil maidir le rochtain úsáideora ar sheirbhísí LOFAR ERIC.

Airteagal 7

Beartas um Meastóireacht Eolaíoch

Déanfaidh painéal saineolaithe idirnáisiúnta neamhspleácha meastóireacht ar ghníomhaíochtaí LOFAR ERIC ar a laghad uair amháin gach 5 bliana. Socróidh an Chomhairle an prótacal le haghaidh meastóireachta (lena n-áirítear na haidhmeanna, téarmaí tagartha, comhdhéanamh an phainéil agus nós imeachta ainmniúcháin do chomhaltaí painéil) de réir Airteagal 27(5)(j). Tuairiscíonn an painéal don Chomhairle.

Airteagal 8

Beartas um scaipeadh

1. Beidh LOFAR ERIC mar éascaitheoir ar thaighde agus spreagfaidh sé mar riail ghinearálta prionsabail eolaíochta oscailte maidir le sonraí taighde.

2. Spreagfaidh LOFAR ERIC taighdeoirí a dtorthaí agus sonraí a chur ar fáil go poiblí (rochtain oscailte) trí LOFAR ERIC freisin.

3. Úsáidfidh LOFAR ERIC go leor bealaí chun dul i dteagmháil leis an spriocphobal, lena n-áirítear tairseach ghréasáin, ceardlanna, láithreacht ar chomhdhálacha, ailt agus na meáin nuachta.

4. Beidh sonraí eolaíocha a ghinfear trí sheirbhísí LOFAR ERIC le fáil agus inrochtana go hoscailte, a mhéid agus a cheadaítear go dlíthiúil, d'aon taighdeoir, institiúid eolaíoch agus páirtí leasmhar eile, faoi phrionsabail na Comhairle i gcomhréir le prionsabail eolaíocha oscailte agus leis an mbeartas sonraí a leagtar síos in Airteagal 32.

Airteagal 9

Beartas um Chearta Maoine Intleachtúla

1. Tuigfear an téarma 'Maoin Intleachtúil' de réir Airteagal 2 den Choinbhinsiún lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil a síníodh an 14 Iúil 1967.

2. Glacfaidh LOFAR ERIC a bheartas féin um Chearta Maoine Intleachtúla (Airteagal 27(5)(h)). Beidh an mhaoin intleachtúil uile faoi úinéireacht LOFAR ERIC a eascraíonn as a ghníomhaíochtaí faoi na Reachtanna seo lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, Maoin Intleachtúil a tháirgeann an fhoireann atá fostaithe ag LOFAR ERIC faoi na coinníollacha arna mbunú i mbeartas um Chearta Maoine Intleachtúla, ach amháin i gcás ina gcumhdaítear faoi chomhaontuithe conarthacha ar leithligh nó i gcás ina sonraítear a mhalairt i reachtaíocht éigeantach nó na Reachtanna seo, ach gan a bheith teoranta do na nithe sin.

3. Beidh cúlra Mhaoin Intleachtúil na gcomhaltaí nó a n-eintitis ionadaíocha fós faoina n-úinéireacht. Ceadúnófar é do LOFAR ERIC más gá agus trí chomhaontuithe sonracha.

4. D'fhéadfadh na comhaltaí a chuireann lena sciar de na costais maidir le hobair forbartha atá déanta ag Comhalta(í) eile, úsáid a bhaint as an maoin intleachtúil sin saor in aisce chun críocha eolaíocha amháin. Más mian le comhalta LOFAR ERIC úsáid a bhaint as aon mhaoin intleachtúil chun gnóthachan tráchtála a bhaint amach, ní mór ceadúnas a fháil ón gcomhalta ar leis an mhaoin intleachtúil.

Airteagal 10

Beartas fostaíochta

1. Féadfaidh LOFAR ERIC foireann a fhostú. Déanfar beartas LOFAR ERIC um fhostaíocht a rialú le dlíthe na tíre ina bhfuil an fhoireann fostaithe.

2. Beidh na nósanna imeachta roghnúcháin, earcaíochta agus fostaíochta do phoist LOFAR ERIC trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus urramófar leo comhionannas deiseanna. Déanfar na poist uile in LOFAR ERIC a fhógairt go poiblí.

Airteagal 11

Beartas um sholáthar

1. Caithfidh LOFAR ERIC le hiarrthóirí agus le táirgeoirí soláthair ar bhonn cothrom agus gan idirdhealú, bíodh siad bunaithe laistigh den Aontas Eorpach nó ná bíodh. Le beartas LOFAR ERIC um sholáthar, urramófar prionsabail na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe agus na hiomaíochta. Leagfaidh an Chomhairle amach rialacha mionsonraithe maidir le nósanna imeachta soláthair agus critéir sholáthair.

2. An soláthar a dhéanfaidh Comhaltaí agus Breathnóirí faoi raon feidhme ghníomhaíochtaí LOFAR ERIC, déanfar é ar bhealach lena dtabharfar aird chuí do riachtanais LOFAR ERIC, do cheanglais theicniúla agus do shonraíochtaí arna n-eisiúint ag na comhlachtaí ábhartha.

CAIBIDIL 2

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 12

Sainmhínithe

Chun críocha na Reachtanna seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1) 'LOFAR': Is bonneagar taighde dáilte den chéad scoth é an tEagar Ísealmhinicíochta, lena ngabhann saoráidí a oibríonn go dlúth le chéile atá suite i roinnt tíortha, mar a shonraítear san Iarscríbhinn Eolaíoch agus Teicniúil;

2) 'saoráidí LOFAR: na gnéithe teicniúla (lena n-áirítear stáisiúin aeróige, líonra, próiseálaithe, bogearraí agus cartlann), mar a shonraítear san Iarscríbhinn Eolaíoch agus Teicniúil, mar a theastaíonn chun a chúraimí a dhéanamh;

3) Comhalta': Eintiteas a liostaítear in Airteagal 14(1).

4) 'Eintiteas Ionadaíoch': Eintiteas atá ceaptha ag Comhalta nó Breathnóir i gcomhréir le hAirteagal 14(5) chun ionadaíocht a dhéanamh don Chomhalta nó Breathnóir.

5) 'Eagraíocht Dhlúthchomhair': eagraíocht taighde dá dtagraítear in Airteagal 19;

6) 'Clár Oibre': Plean 5 bliana a ghlac Comhairle LOFAR ERIC chun críoch agus straitéis fhadtéarmach LOFAR ERIC a chomhlíonadh, lena n-áirítear ábhair eolaíocha, theicniúla agus riaracháin. Leagann an Chomhairle spriocanna agus gníomhaíochtaí bliantúla amach laistigh den chreat sin;

7) 'Samhail Airgeadais': An beartas ina dtugtar na prionsabail maidir le ranníocaíocht airgeadais do LOFAR ERIC, lena n-áirítear ranníocaíochtaí comhchineáil, ó Chomhaltaí agus Breathnóirí. Sonraítear an tSamhail Airgeadais tosaigh in Iarscríbhinn II;

8) 'Plean Airgeadais': Creat 5 bliana faoi luach agus tráthúlacht na n-acmhainní airgeadais a theastaíonn chun Clár Oibre LOFAR ERIC a bhaint amach. Sonraítear an Plean Airgeadais don chéad 5 bliana de LOFAR ERIC in Iarscríbhinn II;

9) 'Buiséid Bhliantúla': Caiteachais agus ioncam atá beartaithe chun spriocanna agus gníomhaíochtaí bliantúla LOFAR ERIC a dhéanamh faoi chuimsiú an Phlean Airgeadais;

10) 'Rialacha Nós Imeachta': Rialacha lena rialaítear eagrú agus feidhmiú Chomhairle LOFAR ERIC, a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 27(5)(c);

11) Baintear amach 'Tromlach Cáilithe' ar chinneadh a mholtar i gcruinniú den Chomhairle, mar a leagtar amach in Airteagal 27(5), i gcás ina dtugann 75 % ar a laghad de na comhaltaí a ndéantar ionadaíocht ina leith vóta ina fhabhar;

12) Baintear amach 'Aontoilíocht' ar chinneadh a mholtar i gcruinniú den Chomhairle, mar a leagtar amach in Airteagal 27, i gcás ina ndearbhaíonn an Cathaoirleach go bhfuil na comhaltaí uile atá ann ar chomhaontú (comhaontú d'aon toil), nó i gcás nach dtugann na comhaltaí uile a ndéantar ionadaíocht ina leith vóta ina aghaidh agus gan breis agus staonadh amháin ann.

Airteagal 13

Teanga oibre

Béarla an teanga oibre a bheidh ag LOFAR ERIC.

CAIBIDIL 3

COMHALTAS AGUS BREATHNADÓIREACHT

Airteagal 14

Comhaltas, breathnadóireacht agus eintiteas ionadaíoch

1. Féadfaidh na heintitis seo a leanas a bheith ina gComhaltaí de LOFAR ERIC a mbeidh cearta vótála acu, nó féadfaidh siad a bheith ina mbreathnóirí de LOFAR ERIC gan cearta vótála:

a) Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh;

b) tíortha comhlachaithe;

c) tríú tíortha seachas tíortha comhlachaithe;

d) eagraíochtaí idir-rialtasacha.

2. Leagtar amach na coinníollacha a bhaineann le bheith ina Chomhalta nó ina Bhreathnóir in Airteagal 15.

3. Ní mór ar a laghad Ballstát amháin agus dhá thír eile, ar Ballstát nó tír chomhlachaithe iad, a bheith san áireamh i gComhaltaí LOFAR ERIC.

4. Beidh tromlach na gceart vótála sa Chomhairle ag na Ballstáit nó ag na tíortha comhlachaithe go comhpháirteach. Cinnfidh an Chomhairle aon mhodhnú ar chearta vótála is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh LOFAR ERIC an ceanglas sin i gcónaí.

5. Féadfaidh eintiteas poiblí amháin nó eintiteas príobháideach amháin, nó níos mó ná sin, a bhfuil misean seirbhíse poiblí aige ionadaíocht a dhéanamh d'aon Chomhalta nó d'aon Bhreathnóir dá dtagraítear i mír 1(a) go 1(c), ar comhalta nó breathnóir é a roghnóidh an t-eintiteas as féin agus a cheapfar i gcomhréir lena rialacha agus nósanna imeachta dílse. Cuirfidh gach Comhalta nó gach Breathnóir an Chomhairle ar an eolas faoi aon athrú ar a eintiteas ionadaíoch, faoi na cearta agus na hoibleagáidí sonracha a tarmligeadh chuige nó faoi aon athrú ábhartha eile.

6. Liostaítear in Iarscríbhinn I na Comhaltaí agus Breathnóirí de LOFAR ERIC agus a n-eintitis ionadaíocha. Coinneoidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin LOFAR ERIC Iarscríbhinn I cothrom le dáta.

Airteagal 15

Coinníollacha a bhaineann le bheith ina Chomhalta nó ina Bhreathnóir

1. Eintitis dá dtagraítear in Airteagal 14(1) atá toilteanach a bheith ina gComhaltaí LOFAR ERIC, cuirfidh siad iarratas i scríbhinn faoi bhráid Chathaoirleach na Comhairle. Tabharfar tuairisc san iarratas sin ar an gcaoi a rannchuideoidh an t-eintiteas le cúraimí agus gníomhaíochtaí LOFAR ERIC a thuairiscítear sa Chlár Oibre agus ar an gcaoi a gcomhlíonfaidh sé na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 17(2). Beidh cead isteach na n-eintiteas mar Chomhaltaí nua faoi réir formheasa ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 26(9)(e) agus Airteagal 27(5)(f).

2. Eintitis dá dtagraítear in Airteagal 14(1) atá toilteanach rannchuidiú le LOFAR ERIC, ach nach bhfuil fós in ann a bheith ina gComhaltaí, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh ar stádas Breathnóra. Cuirfidh iarratasóirí iarratas i scríbhinn faoi bhráid Chathaoirleach na Comhairle. Tabharfar tuairisc san iarratas sin ar an gcaoi a rannchuideoidh an t-eintiteas le cúraimí agus gníomhaíochtaí LOFAR ERIC a thuairiscítear sa Chlár oibre agus ar an gcaoi a gcomhlíonfaidh sé na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagal 18(2). Beidh cead isteach Breathnóirí faoi réir formheasa ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 26(9)(e) agus Airteagal 27(5)(f). Ligfear isteach iarratasóirí mar Bhreathnóirí go ceann tréimhse tosaigh de 3 bliana.

3. Féadfar an stádas Breathnóra a aistriú go Comhaltas tráth ar bith tar éis formheas a fháil ón gComhairle. Imíonn an stádas Breathnóra in éag tar éis na tréimhse tosaigh de thrí (3) bliana, ach amháin i gcás ina n-iarrtar síneadh agus i gcás ina bhformheasann an Chomhairle é, nó i gcás ina n-iompaíonn an Breathnóir ina Chomhalta de LOFAR ERIC.

Airteagal 16

Tarraingt siar Comhalta nó Breathnóra

1. Tá 5 bliana ar a laghad i gceist le Comhaltas, tar éis don chomhalta teacht isteach.

2. D'ainneoin téarma íosta an chomhaltais a leagtar síos in Airteagal 16(1), féadfaidh Comhaltaí agus Breathnóirí tarraingt siar trí fhógra a thabhairt don Stiúrthóir Feidhmiúcháin laistigh de 3 mhí tar éis don Chomhairle glacadh le méadú ar an ranníocaíocht bhliantúil os cionn an mhéid a aontaíodh sa Phlean Airgeadais. Ní bheidh oibleagáid ar Chomhalta ná Breathnóir a bhfuil fógra tugtha aige maidir le tarraingt siar an méadú ar an ranníocaíocht a íoc.

3. Gan dochar d'Airteagail 16(1) agus 16(2), féadfaidh comhaltaí agus breathnóirí ar tíortha comhlachaithe iad, tríú tíortha seachas tíortha comhlachaithe, nó eagraíochtaí idir-rialtasacha, tarraingt siar ó LOFAR ERIC tar éis athruithe ar Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 ón gComhairle a dhéanfadh difear ábhartha dá gcearta agus dá n-oibleagáidí i ndáil le LOFAR ERIC. Meastar go bhfuil athruithe den sórt sin ábhartha i gcás ina mbeidh táillí méadaithe i gceist leo (lena n-áirítear ranníocaíochtaí bliantúla nó costais um dhíchoimisiúnú), i gcás ina leasóidh siad scaireanna vótála, i gcás ina bhforchuirfidh siad ceanglais atá contrártha leis na dlíthe is infheidhme de réir Airteagal 35 de na reachtanna sin, i gcás ina mbainfidh siad an ceart ionadaíocht a fháil sa Chomhairle nó i gcomhlachtaí eile, nó i gcás ina n-athróidh siad a gcearta a bhaineann le hionadaíocht nó le húsáid saoráidí. Déanfar na dliteanais agus na héifeachtaí a bheidh ag tarraingt siar ó LOFAR ERIC a chinneadh ar dtús i gcomhréir le hAirteagal 27(6), lena n-áirítear sciar na gcostas atá ag an gcomhalta nó breathnóir atá ag tarraingt siar maidir le LOFAR a dhíchoimisiúnú, faoi réir vóta d'aon toil ag Comhairle LOFAR ERIC. I gcás nach bhfuil an Chomhairle in ann teacht ar aontú d'aon toil maidir leis na dliteanais agus éifeachtaí, cinnfear na dliteanais sin, chomh maith le haon dliteanas eile, de réir Airteagal 36. D'ainneoin Airteagal 16(1), déanfaidh an comhalta nó an breathnóir dá ndéantar difear (laistigh de 6 mhí tar éis an athraithe ábhartha ar Rialacháin ERIC) fógra trí mhí ar a laghad a thabhairt don Chomhairle faoina tharraingt siar, a thiocfaidh i bhfeidhm tráth ar bith tar éis theacht i bhfeidhm na Reachtanna seo."

4. Déantar aon tarraingt siar ar chomhaltas ag deireadh bliana airgeadais. Tá sé d'oibleagáid ar an gComhalta foláireamh a thabhairt i scríbhinn don Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar a dhéanaí sa bhliain airgeadais roimh an mbliain airgeadais ina ndéantar an tarraingt siar.

5. Déantar aon tarraingt siar Breathnóra ag deireadh bliana airgeadais. Tá sé d'oibleagáid ar an mBreathnóir foláireamh a thabhairt i scríbhinn don Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar a laghad 6 mhí roimh an dáta tarraingthe siar.

6. Comhlíonfar Comhaltaí agus Breathnóirí na hoibleagáidí uile, lena n-áirítear oibleagáidí airgeadais, mar a thagraítear in Airteagal 17(2) nó 18(2), sula mbeidh éifeacht lena dtarraingt siar.

7. Féadfaidh an Chomhairle comhaltas nó stádas Breathnóra a fhoirceannadh má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

a. déanann an Comhalta nó an Breathnóir sárú tromchúiseach ar cheann amháin nó níos mó dá oibleagáidí faoi na Reachtanna seo;

b. níor éirigh le Comhalta nó Breathnóir an sárú sin a leigheas laistigh de 6 mhí tar éis dó fógra i scríbhinn a fháil faoin sárú.

8. Beidh sé de cheart ag an gComhalta nó ag an mBreathnóir dá dtagraítear i mír 7 a sheasamh a mhíniú don Chomhairle sula ndéanfaidh an Chomhairle aon chinneadh maidir leis an tsaincheist.

CAIBIDIL 4

CEARTA AGUS OIBLEAGÁIDÍ COMHALTAÍ AGUS BREATHNÓIRÍ

Airteagal 17

Cearta agus oibleagáidí na gComhaltaí

1. Áireofar ar chearta na gComhaltaí:

a. an ceart chun páirt a ghlacadh agus vótáil a dhéanamh ag an gComhairle;

b. an ceart chun Eintiteas Ionadaíoch a cheapadh faoi théarmaí Airteagal 14(5);

c. an ceart dá phobal taighde a bheith rannpháirteach in imeachtaí LOFAR ERIC, amhail ceardlanna, comhdhálacha, cúrsaí oiliúna;

d. an ceart dá phobal taighde rochtain a bheith acu ar thacaíocht ó LOFAR ERIC chun córais, próisis agus seirbhísí ábhartha a fhorbairt;

e. incháilitheacht chun tairbhiú de Rochtain Fhorchoimeádta faoi Bheartas Rochtana LOFAR ERIC, i gcomhréir le hAirteagal 6(5).

2. Déanfaidh gach Comhalta an méid seo a leanas:

a. rannchuideofar le cuid den bhonneagar dáilte nó déanfar ranníocaíocht eile lena n-aontóidh an Chomhairle. Leagtar síos na ranníocaíochtaí de gach Comhalta sa Phlean Airgeadais in Iarscríbhinn II, atá bailí don chéad 5 bliana de LOFAR ERIC;

b. ranníocfar méid bliantúil leis na hoibríochtaí foriomlána agus costais forbartha, de LOFAR ERIC, a chomhfhreagraíonn do sciar an chomhalta i leith bhuiséad bliantúil LOFAR ERIC mar a d'fhormheas an Chomhairle i gcomhréir leis an bPlean Airgeadais a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn II;

c. beifear rannpháirteach i gcinnteoireacht maidir le beartais agus straitéis fhadtéarmach do LOFAR i gcomhréir le hAirteagal 3(2).

Airteagal 18

Cearta agus oibleagáidí na mBreathnóirí

1. Áireofar le cearta na mBreathnóirí:

a. an ceart chun freastal ar chruinnithe na Comhairle agus a dtuairimí a chur in iúl maidir le clár oibre na Comhairle, ach gan cearta vótála a bheith acu;

b. an ceart chun Eintiteas Ionadaíoch a cheapadh faoi théarmaí Airteagal 14(5);

c. an ceart dá phobal taighde a bheith rannpháirteach in imeachtaí LOFAR ERIC, amhail ceardlanna, comhdhálacha, cúrsaí oiliúna.

2. Déanfaidh gach Breathnóir an méid seo a leanas:

a. méid bliantúil a ranníoc le costais oibriúcháin agus forbartha foriomlána LOFAR ERIC, a chomhfhreagraíonn do sciar an Bhreathnóra i leith bhuiséad bliantúil LOFAR ERIC mar a d'fhormheas an Chomhairle i gcomhréir leis an bPlean Airgeadais a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn II;

b. a bheith rannpháirteach i bplé maidir le beartas agus straitéis fhadtéarmach.

CAIBIDIL 5

RANNPHÁIRTÍOCHT EAGRAÍOCHTAÍ DLÚTHCHOMHAIR

Airteagal 19

Rannpháirtíocht Eagraíochtaí Dlúthchomhair

1. Féadfaidh LOFAR ERIC comhaontuithe comhair a dhéanamh le hEagraíochtaí Dlúthchomhair i dtíortha nach Comhalta ná Breathnóir LOFAR ERIC iad. Féadtar aon Chomhaontú Comhair amháin ar a mhéad in aghaidh na tíre, comhaontú a dhéanann ionadaíocht do phobal náisiúnta, a chur i gcrích.

2. Ní mór d'Eagraíochtaí Dlúthchomhair rannchuidiú leis na tascanna agus gníomhaíochtaí LOFAR a chomhlíonadh chun sástacht na Comhairle agus a bheith ionadaíoch ar an bpobal náisiúnta a bhfuil leas aige in LOFAR ERIC.

3. Cuirfidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin LOFAR ERIC an comhaontú comhair i gcrích tar éis formheas ón gComhairle. Bunófar leis an gcomhaontú comhair na téarmaí agus coinníollacha faoina bhféadfaidh an Eagraíocht Dhlúthchomhair oibriú le LOFAR ERIC agus gealltanas a thabhairt go dtabharfaidh siad faoi chúraimí agus gníomhaíochtaí a leagtar amach in Airteagal 3.

4. Beidh fad an Chomhaontaithe Comhair i gcomhréir leis na rialacha maidir le fad comhaltais mar a shonraítear in Airteagal 16. Leagfar síos leis an gComhaontú Comhair foirceannadh i gcás ina n-iompóidh tír na hEagraíochta Dlúthchomhair ina Comhalta nó Breathnóir de LOFAR ERIC.

CAIBIDIL 6

SAMHAIL AIRGEADAIS AGUS RANNÍOCAÍOCHTAÍ

Airteagal 20

Acmhainní airgeadais

Beidh na comhpháirteanna seo a leanas in acmhainní airgeadais LOFAR ERIC:

a. ranníocaíochtaí airgeadais na gComhaltaí agus na mBreathnóirí, lena n-áirítear aon ranníocaíocht chomhchineáil, i gcomhréir le hAirteagal 21. Leagtar síos na ranníocaíochtaí airgeadais don chéad 5 bliana de LOFAR ERIC sa Phlean Airgeadais a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn II;

b. ranníocaíochtaí an óstaigh;

c. acmhainní ó na hEagraíochtaí Dlúthchomhair;

d. acmhainní eile laistigh de theorainneacha agus faoi théarmaí arna bhformheas ag an gComhairle.

Airteagal 21

Ranníocaíochtaí

1. Déanfaidh na comhaltaí ranníocaíochtaí bliantúla le buiséad LOFAR ERIC i gcomhréir leis an bPlean Airgeadais, dá ndéantar foráil in Airteagal 22.

2. Féadfaidh an Chomhairle glacadh le ranníocaíochtaí comhchineáil, ó Chomhaltaí agus Breathnóirí, i gcomhréir leis an tSamhail Airgeadais.

3. Cinnfidh an Chomhairle ranníocaíochtaí ó Eagraíochtaí Dlúthchomhair ar bhonn cás ar chás.

Airteagal 22

Plean airgeadais

Cuirfidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin LOFAR ERIC dréachtphlean airgeadais faoi bhráid na Comhairle lena bhreithniú agus a fhormheas gach 5 bliana ar a laghad. Leis an bPlean Airgeadais, leagtar amach bonn le ranníocaíochtaí gach Comhalta sa tréimhse 5 bliana sin agus leagtar amach an t-uasbhuiséad comhaontaithe do LOFAR ERIC don tréimhse chéanna. Cloífidh an Plean Airgeadais le prionsabail maidir le ranníocaíochtaí na gComhaltaí agus na mBreathnóirí a thugtar sa tSamhail Airgeadais, agus beidh sé dírithe ar an gClár Oibre a bhaint amach.

Airteagal 23

Prionsabail bhuiséadacha, cuntais agus iniúchadh

1. Tosóidh bliain airgeadais LOFAR ERIC an 1 Eanáir agus críochnóidh sí an 31 Nollaig gach bliain. Déanfar buiséad LOFAR ERIC a ríomh in Euro.

2. Cuirfidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin LOFAR ERIC buiséad don bhliain dár gcionn faoi bhráid na Comhairle lena fhormheas tráth nach déanaí ná an 1 Deireadh Fómhair.

3. Beidh tuarascáil ar bhainistíocht bhuiséadach agus airgeadais na bliana airgeadais ag gabháil le cuntais LOFAR ERIC.

4. Beidh LOFAR ERIC faoi réir cheanglais dhlí na tíre ina bhfuil a oifig chláraithe a mhéid a bhaineann le cuntais a ullmhú, a chomhdú, a iniúchadh agus a fhoilsiú.

Airteagal 24

Díolúintí ó cháin agus ó dhleacht mháil

1. Díolúintí CBL atá bunaithe ar Airteagail 143(1)(g) agus 151(1)(b) de Threoir 2006/112/CE ([1]) ón gComhairle agus i gcomhréir le hAirteagail 50 agus 51 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ([2]) ón gComhairle, beidh siad teoranta do cheannacháin earraí agus seirbhísí a dhéanfar faoi na coinníollacha seo a leanas:

— ceannacháin atá le húsáid go hoifigiúil agus go heisiach ag LOFAR ERIC, ar choinníoll go ndéanfar ceannacháin den sórt sin le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha LOFAR ERIC i gcomhréir lena ghníomhaíochtaí

— ceannacháin a dhéanann LOFAR ERIC nó Comhaltaí LOFAR ERIC mar a shainmhínítear in Airteagal 9(1) de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2009 maidir le Creat dlíthiúil an Chomhphobail maidir le Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (ERIC).

2. Beidh Díolúintí CBL teoranta do cheannacháin ar mó a luach ná EUR 300.

3. Díolúintí ó Dhleacht Mháil bunaithe ar Airteagal 11 de Threoir 2020/262/AE ón gComhairle ([3]), beidh siad teoranta do cheannacháin a dhéanfaidh LOFAR ERIC atá le húsáid go hoifigiúil agus go heisiach ag LOFAR ERIC, ar choinníoll go ndéanfar ceannachán den sórt sin le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha LOFAR ERIC i gcomhréir lena ghníomhaíochtaí, agus lena n-aghaidh sin amháin, agus gur mó luach an cheannacháin ná EUR 300.

4. Ní chumhdaítear ceannacháin a dhéanfaidh na baill foirne leis na díolúintí.

([1]) IO L 347, 11.12.2006, lch. 1
([2]) IO L 77, 23.3.2011, lch. 1
([3]) IO L 58, 27.2.2020, lch. 17

Airteagal 25

Díchoimisiúnú

Tá LOFAR ERIC freagrach as earraí atá faoi úinéireacht LOFAR ERIC a dhíchoimisiúnú. Áiritheoidh an Chomhairle go bhfuil plean díchoimisiúnúcháin oiriúnach ag LOFAR ERIC (Airteagal 27(6)(e)). Tá sé faoi fhreagracht an úinéara díchoimisiúnú a dhéanamh ar earraí a thugtar mar rannchuidiú do na hoibríochtaí lárnacha (a dhéanann oibreoirí áitiúla, úinéirí náisiúnta ar shaoráidí LOFAR).

CAIBIDIL 7

RIALACHAS

Airteagal 26

Comhairle

1. Beidh an Chomhairle ina comhlacht rialaithe ar LOFAR ERIC agus, i gcomhréir le forálacha na Reachtanna seo, beidh sí freagrach as treo foriomlán agus maoirseacht fhoriomlán LOFAR ERIC. Beidh an Chomhairle comhdhéanta de thoscaireachtaí a dhéanann ionadaíocht do Chomhaltaí agus Breathnóirí LOFAR ERIC.

2. Ainmneoidh gach Comhalta toscaireacht atá comhdhéanta de bheirt toscairí ar a mhéad. Déanfaidh gach Breathnóir toscaire amháin a cheapadh.

3. Déanfaidh gach Comhalta an méid seo a leanas a áirithiú maidir lena thoscaire:

a. cumhachtaíonn gach Comhalta di an t-údarás iomlán dá thoscaire chun vóta a chaitheamh ar na saincheisteanna uile a phléitear le linn chruinniú na Comhairle;

b. go bhfuil saineolas eolaíoch iomchuí ag a thoscaire agus an cumas aige ionadaíocht a dhéanamh do phobal na n-eolaithe atá ag baint úsáid as saoráidí LOFAR ERIC.

4. Beidh vóta amháin ag an toscaireacht ó gach Comhalta, gan beann ar an líon toscairí.

5. Ainmneoidh gach Comhalta agus Breathnóir na toscairí uile ar an gComhairle; ba cheart é sin a dhéanamh i scríbhinn chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin LOFAR ERIC. Coinníonn na Comhaltaí agus Breathnóirí an ceart chun an t-ainmniú a chúlghairm d'aon duine dá dtoscairí tráth ar bith, agus toscairí eile a ainmniú ina n-ionad.

6. I gcás nach bhfuil toscaire i láthair ag cruinniú ar leith, féadfaidh an Comhalta nó an Breathnóir toscaire eile a ainmniú. Ba cheart ainmniúchán den sórt sin a dhéanamh i scríbhinn chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin LOFAR ERIC roimh an gcruinniú. Ag an gcruinniú sin, beidh na cearta uile ag an toscaire ionadaíochta ainmnithe díreach mar a bheadh ag an toscaire dá dtagann sé ina ionad.

7. Gheobhaidh stiúrthóir na hinstitiúide óstaigh LOFAR ERIC cuireadh seasta chun freastail ar chruinnithe na Comhairle, agus beidh an ceart aige a thuairimí a chur in iúl ag cruinnithe, ach ní bheidh sé mar chuid de thoscaireacht na Tíre Óstaigh, agus ní bheidh sé i dteideal vótála.

8. Féadfaidh gach toscaireacht Comhalta láithreacht saineolaí breise amháin ag cruinniú sonrach den Chomhairle a iarraidh; ba cheart é sin a dhéanamh i scríbhinn chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin LOFAR ERIC 2 sheachtain ar a laghad roimh an gcruinniú sin. Beidh an ceart ag na saineolaithe sin a dtuairimí a chur in iúl ag an gcruinniú, ach ní bheidh siad i dteideal vóta an Chomhalta a chaitheamh.

9. Beidh an ceart ag an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh ar a laghad:

a. straitéis fhadtéarmach agus beartais LOFAR ERIC a chinneadh;

b. Clár Oibre LOFAR ERIC agus Plean Airgeadais lena mbaineann a chinneadh gach 5 bliana ar a laghad mar a shonraítear in Airteagal 22, ag leanúint na bprionsabal a leagtar síos sa tSamhail Airgeadais;

c. buiséad bliantúil LOFAR ERIC a ghlacadh;

d. tuarascáil bhliantúil LOFAR ERIC a ghlacadh, agus na cuntais airgeadais iniúchta a fhormheas;

e. aontachas Comhalta nó Breathnóra nua a chinneadh;

f. foirceannadh Comhaltais nó stádas Breathnóra a chinneadh;

g. leasú ar na tograí maidir le leasuithe na Reachtanna a chinneadh;

h. an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh, a chur ar fionraí, nó a bhris as a phost, agus feidhmíocht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a mhaoirsiú;

i. tuairisc a thabhairt ar shainordú agus gníomhaíochtaí sonracha an Stiúrthóra Feidhmiúcháin

j. treoirlínte a sholáthar don Stiúrthóir Feidhmiúcháin chun Comhaontú Comhair dá dtagraítear in Airteagal 19 a thabhairt i gcrích;

k. comhlachtaí comhairleacha a chruthú agus a chur ar fionraí de réir mar a mheastar a bheith riachtanach;

l. cinneadh a dhéanamh maidir le tosú ar aon ghníomhaíocht nua i gcomhréir le hAirteagal 3(3)(g);

m. cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcaoi a ngníomhófar i gcás teagmhas *force majeure* i bhfianaise na ranníocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 21.

10. Toghfaidh an Chomhairle Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach ó na toscairí trí thromlach na vótaí a shonraítear in Airteagal 27(5)(g). Toghfar an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach go ceann tréimhse 2 bhliain, a fhéadfar a athnuachan faoi dhó. Gabhfaidh an Leas-Chathaoirleach in ionad an Chathaoirligh nuair a bheidh sé/sí as láthair nó i gcás ina mbeidh coinbhleacht leasa ann.

11. Tiocfaidh an Chomhairle le chéile uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad. Is é an Cathaoirleach a ghairfidh cruinnithe na Comhairle ar a laghad 4 seachtaine roimhe. Féadfaidh an Chomhairle teacht le chéile in aon fhoirm a leagtar síos sna Rialacha Nós Imeachta.

12. Féadfar ceithre Chomhalta ar a laghad cruinniú den Chomhairle a iarraidh.

Airteagal 27

Cinnteoireacht ag an gCruinniú

1. Ní dhéanfaidh an Chomhairle plé agus cinntí a dhéanamh go bailí ach amháin nuair atá córam na gComhaltaí ag a bhfuil cearta vótála i láthair agus rannpháirteach sa chruinniú. Cuirtear de cheangal leis an gcóram ar 75 % de na Comhaltaí ag a bhfuil cearta vótála a bheith i láthair.

2. Mura mbainfear an córam amach, tionólfar cruinniú eile laistigh de 4 seachtaine trí chuireadh nua a scaipeadh, agus beidh an clár oibre céanna ann. Sa dara cruinniú, measfar gur comhlíonadh an córam má bhíonn 50 % de na Comhaltaí ag a bhfuil cearta vótála rannpháirteach.

3. Maidir le gach cinneadh, déanfaidh an Chomhairle a dícheall chun comhaontú d'aon toil mar a shainmhínítear in Airteagal 12(12) a bhaint amach.

4. Mura mbainfear amach comhaontú d'aon toil de réir Airteagal 27(3), déanfar cinntí trí vótáil ó na Comhaltaí uile atá rannpháirteach agus ag a bhfuil cearta vótála.

5. Ní ghlacfar leis na cinntí seo a leanas ach amháin má thacaítear leo trí thromlach cáilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 12(11):

a. cinntí maidir leis an straitéis fhadtéarmach agus beartais, Clár Oibre LOFAR ERIC, nó an Plean Airgeadais a leasú;

b. cinntí maidir le buiséad bliantúil LOFAR ERIC a ghlacadh nó a leasú;

c. cinntí maidir leis na Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh nó a athrú;

d. cinntí maidir leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh, a chur ar fionraí nó a bhriseadh as a phost (Airteagal 28);

e. cinntí maidir le cur chun feidhme an Bheartais Rochtana a leasú (Airteagal 6);

f. cinntí maidir le Comhalta nó Breathnóir nua a ghlacadh nó comhaontú comhair le hEagraíocht Dhlúthchomhair a fhormheas (Airteagal 14 agus 19);

g. cinntí a bhaineann le Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach na Comhairle a cheapadh (Airteagal 26(10));

h. cinntí a bhaineann leis an mbeartas um Chearta Maoine Intleachtúla (Airteagal 9);

i. cinntí maidir leis an mbeartas Fostaíochta a ghlacadh nó a leasú (Airteagal 10);

j. cinntí maidir leis an bprótacal le haghaidh meastóireachta a ghlacadh nó a leasú (Airteagal 7).

6. Éilítear leis na cinntí seo a leanas Aontoilíocht na gComhaltaí LOFAR ERIC uile atá rannpháirteach agus ag a bhfuil cearta vótála, mar a shainmhínítear in Airteagal 12(12);

a. cinntí maidir leis an tSamhail Airgeadais a leasú, ina dtugtar na prionsabail maidir le ranníocaíocht airgeadais na gComhaltaí agus na mBreathnóirí (Airteagal 22);

b. cinntí maidir leis na prionsabail den bheartas Rochtana a ghlacadh nó a leasú (Airteagal 6);

c. cinntí chun an togra a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun na Reachtanna a leasú;

d. cinneadh maidir le LOFAR ERIC a fhoirceannadh;

e. cinntí maidir le díchoimisiúnú atá bainteach le foirceannadh, de réir an phlean díchoimisiúnúcháin mar a rialaítear in Airteagal 25.

7. Le cinntí maidir le Comhaltas nó stádas Breathnóra a fhoirceannadh, éilítear Aontoilíocht, mar a shainmhínítear in Airteagal 12(12), na gComhaltaí uile atá rannpháirteach agus ag a bhfuil vóta, seachas an Comhalta sin a bhfuil a stádas á chinneadh.

8. Ní fhéadfar na cinntí dá dtagraítear in Airteagail 27(5), 27(6), agus 27(7) a ghlacadh má tá na Comhaltaí uile curtha ar an eolas maidir leis na cinntí atá beartaithe ar a laghad 2 sheachtain roimh an gcruinniú.

9. Beidh tromlach simplí na vótaí leordhóthanach chun na cinntí eile uile a ghlacadh.

Airteagal 28

An Stiúrthóir Feidhmiúcháin

1. Ceapfaidh an Chomhairle Stiúrthóir Feidhmiúcháin LOFAR ERIC i gcomhréir le nós imeachta arna ghlacadh ag an gComhairle. 5 bliana a mhairfidh téarma an Stiúrthóra Feidhmiúcháin, a fhéadfar a athnuachan le cinneadh ón gComhairle.

2. Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a ghníomhóidh mar ionadaí dlíthiúil LOFAR ERIC.

3. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach as cinntí na Comhairle a chur chun feidhme agus freagrach as bainistíocht laethúil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla LOFAR ERIC. In éineacht le daoine eile, ullmhaíonn an Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Buiséad Bliantúil, an Plean Airgeadais agus an Clár Oibre. Faigheann an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tacaíocht ón Oifig Comhordaithe agus Tacaíochta.

Airteagal 29

Oifig Comhordaithe agus Tacaíochta

Is í Oifig Comhordaithe agus Tacaíochta LOFAR ERIC an oifig bainistíochta lárnach d'oibríochtaí laethúla LOFAR ERIC. Tugann sí tacaíocht maidir le bainistíocht laethúil LOFAR ERIC, lena n-áirítear cúnamh don Chomhairle. Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a bhunóidh í agus a dhéanfaidh bainistíocht uirthi. Cumhdaítear an buiséad d'fheidhmiú na hOifige Comhordaithe agus Tacaíochta faoin bPlean Airgeadais a chuirtear i láthair in Iarscríbhinn II.

Airteagal 30

Coiste Comhairleach Eolaíoch

1. Cuirfidh an Chomhairle Coiste Comhairleach Eolaíoch (SAC) ar bun chun comhairle neamhspleách a sholáthar agus na nithe seo a leanas a dhéanamh:

— aiseolas a thabhairt don Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus don Chomhairle maidir le cáilíocht eolaíoch gníomhaíochtaí LOFAR ERIC;

— moltaí a sholáthar maidir le forbairt a dhéanamh ar fheidhmeanna agus gníomhaíochtaí eolaíocha agus teicneolaíochta LOFAR ERIC.

2. Ceapfaidh an Chomhairle Comhaltaí SAC, ar daoine iad ag a mbeidh taithí sna réimsí ábhartha maidir le LOFAR. Leagfaidh amach an Chomhairle an líon Comhaltaí SAC, na téarmaí tagartha, agus na rialacha nós imeachta.

Airteagal 31

Coiste Airgeadais

1. Cuirfidh an Chomhairle Coiste Airgeadais ar bun chun cúnamh a thabhairt don Stiúrthóir Feidhmiúcháin maidir le Plean Airgeadais agus buiséad bliantúil a ullmhú a bheidh le hathbhreithniú agus le formheas ag an gComhairle. Féadfaidh an Coiste Airgeadais cúnamh a thabhairt don Stiúrthóir i gcásanna ina dteastaíonn pleanáil airgeadais straitéiseach eile.

2. Tabharfar mionsonraí maidir le feidhmiú an choiste airgeadais i Rialacha Nós Imeachta an Choiste Airgeadais, rud a bheidh le leagan amach ag an gComhairle.

CAIBIDIL 8

ILGHNÉITHEACH

Airteagal 32

Beartas sonraí

1. Tabharfar tús áite, de ghnáth, do phrionsabail na hEolaíochta Oscailte agus na Rochtana Oscailte, amhail na prionsabail a chuirtear ar fáil le beartas eolaíochta oscailte an Aontais.

2. Soláthróidh LOFAR ERIC treoraíocht d'úsáideoirí (lena n-áirítear trí shuíomh gréasáin) chun a áirithiú go mbeidh an taighde a dhéanfar, agus úsáid á baint as ábhar a chuirtear ar fáil trí LOFAR ERIC, á dhéanamh laistigh de chreat lena n-aithnítear cearta na n-úinéirí sonraí agus príobháideachas an duine aonair.

3. Áiritheoidh LOFAR ERIC go n-aontóidh úsáideoirí leis na téarmaí agus na coinníollacha lena rialaítear rochtain agus go bhfuil socruithe slándála oiriúnacha i bhfeidhm maidir le stóráil agus láimhseáil inmheánach.

4. Saineoidh LOFAR ERIC socruithe chun líomhaintí maidir le sáruithe slándála agus nochtaí rúndachta maidir le sonraí taighde a imscrúdú.

Airteagal 33

Beartas maidir le hImpleachtaí Eiticiúla, Dlíthiúla agus Sóisialta

Glacfaidh Comhairle LOFAR ERIC beartas maidir le himpleachtaí eiticiúla, dlíthiúla agus sóisialta i ndáil leis na hábhair uile atá ábhartha d'oibríochtaí LOFAR ERIC, lena n-áirítear sláine taighde agus meastóireacht eolaíoch, saincheisteanna fostaíochta, éagsúlacht agus cuimsiú, agus inbhuanaitheacht. Beidh feidhm ag an mbeartas sin maidir le gníomhaíochtaí uile LOFAR ERIC.

Airteagal 34

Tuairisciú don Choimisiún Eorpach

1. Cuirfidh LOFAR ERIC tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí ar fáil, ina mbeidh gnéithe eolaíocha, oibríochtúla agus airgeadais dá chuid gníomhaíochtaí go háirithe. Déanfaidh an Chomhairle an tuarascáil a fhormheas agus tarchuirfear í chuig an gCoimisiún Eorpach agus chuig na húdaráis phoiblí ábhartha laistigh de 6 mhí ó dheireadh na bliana airgeadais comhfhreagraí. Cuirfear an tuarascáil sin ar fáil go poiblí.

2. Cuirfidh LOFAR ERIC an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi aon imthosca a d'fhéadfadh cur i gcrích chúraimí LOFAR ERIC a chur i mbaol go mór nó bac a chur ar LOFAR ERIC na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 a chomhlíonadh.

Airteagal 35

An dlí is infheidhme

Rialófar feidhmiú inmheánach LOFAR ERIC leis na nithe seo a leanas:

a. dlí an Aontais Eorpaigh, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 agus na cinntí dá dtagraítear in Airteagail 6(1)(a) agus 11(1) den Rialachán;

b. dlí na Tíre Óstaigh ina bhfuil oifig chláraithe LOFAR ERIC i gcás nithe nach rialaítear le gníomhartha dá dtagraítear i bpointe (a) nó nach rialaítear ach go páirteach leo;

c. na Reachtanna agus na rialacha cur chun feidhme a ghabhann leo.

Airteagal 36

Díospóidí

1. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i dtaca le dlíthíocht i measc na gComhaltaí i ndáil le LOFAR ERIC, idir Comhaltaí agus LOFAR ERIC, agus i dtaca le haon dlíthíocht lena bhfuil an tAontas ina pháirtí.

2. Beidh feidhm ag reachtaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le dlínse i ndáil le díospóidí idir LOFAR ERIC agus tríú páirtithe. I gcásanna nach gcumhdaítear le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh, is faoi dhlí an Stáit ina bhfuil oifig chláraithe LOFAR ERIC a chinnfear an dlínse inniúil chun na díospóidí sin a réiteach.

Airteagal 37

Nuashonruithe agus infhaighteacht reachtanna

Coinneofar na Reachtanna cothrom le dáta agus beidh siad ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin LOFAR ERIC agus ag an oifig chláraithe.

Airteagal 38

Forálacha maidir le bunú

1. Gairfidh an Tír Óstach ina bhfuil oifig chláraithe LOFAR ERIC an chéad chruinniú den Chomhairle a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an chinnidh ón gCoimisiún Eorpach lena mbunaítear LOFAR ERIC.

2. Sula dtionólfar an chéad chruinniú agus tráth nach déanaí ná 45 lá féilire tar éis theacht i bhfeidhm an chinnidh ón gCoimisiún lena mbunaítear LOFAR ERIC, tabharfaidh an Tír Óstach fógra do na Comhaltaí agus na Breathnóirí Bunaidh faoi aon ghníomhaíocht dhlíthiúil phráinneach shonrach is gá a dhéanamh thar ceann LOFAR ERIC. Mura rud é go ndéanann Comhalta Bunaidh agóid laistigh de 5 lá oibre tar éis dó an fógra a fháil, déanfaidh duine arna údarú go cuí ag an Tír Óstach an ghníomhaíocht dhlíthiúil.

3. Beidh an Chomhairle ag obair go dlúth le ILT chun forghníomhú ar Chomhaontú Aistrithe idir ILT agus LOFAR ERIC a thabhairt i gcrích agus ansin chun tacú leis sin, rud a rialaíonn aistriú sócmhainní agus dliteanas i measc nithe eile.

IARSCRÍBHINN I

Liosta de Chomhaltaí agus Breathnóirí LOFAR ERIC agus dá nEintitis Ionadaíocha

Liostaítear san Iarscríbhinn seo na Comhaltaí agus Breathnóirí, agus na hEintitis a bhfuil ionadaíocht á déanamh acu dóibh. Déanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin Iarscríbhinn I a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn tráthrialta.

Comhaltaí

Tír	Eintiteas Ionadaíoch
Poblacht na Bulgáire	Institiúid na Réalteolaíochta agus Réadlann Réalteolaíochta Náisiúnta (IANAO) Acadaimh Eolaíochtaí na Bulgáire
Poblacht Chónaidhme na Gearmáine	Thüringer Landessternwarte (TLS)
Poblacht na hÉireann	Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (DIAS)
Poblacht na hIodáile	Istituto Nazionale di Astrofisica (INAF)
An Ísiltír	Stichting Nederlandse Wetenschappelijk Onderzoek Instituten (NWO-I)
Poblacht na Polainne	An Aireacht Oideachais agus Eolaíochta

Oibreoidh LOFAR ERIC leis na hEagraíochtaí Dlúthchomhair seo a leanas:

— An Fhrainc: Centre National de la Recherche Scientifique (CNRS)

— An Laitvia: Lárionaid Radairéalteolaíochta Idirnáisiúnta Ventspils (VIRAC)

— An tSualainn: Réadlann Spáis Onsala (OSO)

— An Ríocht Aontaithe: An Chomhairle um Shaoráidí Eolaíochta agus Teicneolaíochta - Taighde agus Nuálaíocht na Ríochta Aontaithe (STFC-UKRI)

IARSCRÍBHINN II

Plean Airgeadais LOFAR ERIC

Féach an doiciméad ar leithligh.